# Coinní agus Socruithe: Scríobh

*TEG B1: Aonad 12*

## AG DÉANAMH COINNÍ & SOCRUITHE

**1. Réamhobair: Seo thíos roinnt cineálacha coinní agus socruithe. Meaitseáil na focail ar chlé leis an gcur síos cuí.**

| | |
|---|---|
| 1. coinne | (a) Bíonn sé seo agat le do chomhghleacaithe chun pleananna oibre a dhéanamh. |
| 2.teacht le chéile | (b) Nuair a chuireann tú isteach ar phost, bíonn sé seo le déanamh. |
| 3. agallamh | (c) Nuair nach bhfuil do sheanchairde feicthe agat le fada, bíonn sé seo ann. |
| 4. socrú | (d) Bíonn sé seo agat leis an dochtúir nó leis an bhfiaclóir. |
| 5. cruinniú | (e) Seo an rud a dhéanann tú le cara nuair atá tú ag iarraidh bualadh leis/léi. |

| | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | . |
| 4. | |
| 5. | |


**2. Seo thíos roinnt frásaí a bheidh úsáideach agus tú ag déanamh socruithe agus pleananna. An dtuigeann tú iad?**


- **Is oth liom a rá** nach féidir liom bualadh leat. Tá rud éigin eile tar éis **teacht aníos.**
- An féidir linn **bualadh le chéile** ar a 4pm?
- An féidir linn an coinne **a thabhairt seachtain chun cinn**?
- An féidir linn an cruinniú **a chur siar** go dtí an tseachtain seo chugainn?
- Gabh mo leithscéal faoi seo ach caithfidh mé an coinne **a chur ar ceal.**
- Bhí ar an mbanna ceoil an cheolchoirm **a chur ar athló** mar bhí an t-amhránaí breoite.
- **Piocfaidh mé suas** ar maidin thú.
- **Tiocfaimid le chéile** ar maidin chun cúrsaí a phlé.
- **Táim gafa** an deireadh seachtaine seo ach beidh mé ar fáil an deireadh seachtaine ina dhiaidh sin.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad


**3. Ag déanamh leithscéalta.** Nuair nach féidir leat dul amach le cara leat, cad iad na frásaí beaga a úsáideann tú chun do leithscéal a dhéanamh, mar shampla, sa Bhéarla deirimid rudaí ar nós *I'm sorry, I can't; I'm busy; I have to study/work; I have visitors; I'll be away; I have plans already; I'm too tired.*

**4. Tabhair freagraí ar na téacsanna seo:**



© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad






### 5. Ag obair le duine eile, léigí na comhráite thíos os ard más féidir.

### Comhrá 1: Rónán & Aoife

| | |
|---|---|
| Rónán | Haigh Aoife! |
| Aoife | Haigh, conas tá agat? |
| Rónán | Go maith, ní gearánta dom. Cogar, an mbeidh tú saor ag an deireadh seachtaine? Tá scannán nua le Paul Mescal ar siúl agus tá cloiste agam go bhfuil sé an-mhaith. Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann chun é a fheiceáil? |
| Aoife | Cinnte, ba bhreá liom sin. |
| Rónán | Iontach. Cad faoin Déardaoin? |
| Aoife | Ó ní féidir liom dul ar an Déardaoin ar an drochuair. Beidh teacht le chéile ag mo theaghlach an oíche sin. Breithlá mo mham atá ann. |
| Rónán | Ceart go leor. An mbeadh an Aoine go maith duit? |
| Aoife | Hmm, ba cheart go mbeadh! |
| Rónán | Go diail! |
| Aoife | Cén t-am a bhuailfidh mé leat? |
| Rónán | Bhuel, tosaíonn an scannán ar a 8.30pm. An ndéarfaimid 8.15 lasmuigh den phictiúrlann mar sin? |
| Aoife | Beidh sé sin foirfe! Feicfidh mé ansin thú. |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## Comhrá 2: Aisling & Oisín

| | |
|---|---|
| Aisling | Haigh, a Oisín. |
| Oisín | Ó haigh, a Aisling! |
| Aisling | Cogar, táim ag glaoch ort faoin Aoine. Tá drochscéala agam. Ní bheidh mé in ann dul chuig an gceolchoirm. Tá mo dheirfiúr ag teacht agus caithfidh mé am a chaitheamh léi. |
| Oisín | Á is mór an trua sin. |
| Aisling | Tá a fhios agam ach níl neart air. Ní maith liom tarraingt siar mar seo ach ní bheidh Orla ag teacht abhaile arís ó Londain go ceann cúpla mí eile. An mbeidh tú in ann an ticéad a thabhairt do dhuine éigin eile? |
| Oisín | Beidh gan dabht. Ba bhreá liom tú a fheiceáil uair éigin ag an deireadh seachtaine, má tá tú saor. An mbeidh tú saor aon lá? |
| Aisling | Ba cheart go mbeinn. Cad atá ar intinn agat? |
| Oisín | Dinnéar sa chathair b'fhéidir? |
| Aisling | Oireann sé sin go maith dom! Cén t-am agus cén áit? |

**6. Anois, smaoinigh ar chomhrá a bhí agat féin le déanaí ina raibh tú féin agus duine eile ag iarraidh socrú a dhéanamh rud éigin deas a dhéanamh le chéile. Scríobh amach an comhrá.**

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**7. Sa spás seo thíos scríobh ríomhphost chuig do bhainisteoir chun cruinniú a shocrú don lá amárach. Mínigh cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh bualadh leis/léi agus cén fáth nach mbeidh tú ar fáil ach ar maidin. Nuair atá tú críochnaithe cuir an méid a scríobh tú i gcomparáid leis an duine in aice leat.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

8. **Téacsanna le scríobh**

Scríobh téacs chuig cara leat ag iarraidh orthu dul amach chuig bialann nua leat ag an deireadh seachtaine.

| |
|---|
| |

Tá an aimsir le bheith deas ag an deireadh seachtaine. Scríobh téacs chuig cara leat ag tabhairt cuireadh dó/di dul ag siúl leat.

| |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Tá tú ag iarraidh dul ar saoire an samhradh seo agus ba mhaith leat cuireadh a thabhairt do do chara dul i do theannta. Scríobh téacs chuige/chuici ag fiosrú an mbeadh sé/sí saor le dul leat.

Tá do dheirfiúr ag bogadh tí. Cuir téacs chuici ag cur in iúl di cathain a bheidh tú saor le cabhrú léi.

Bhí drocham ag cara leat le déanaí. Cuir téacs chuige/chuici ag moladh cúpla rud deas a d'fhéadfadh sibh a dhéanamh le chéile go luath.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ

## A: STÓR FOCAL

**2.**

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| a | c | b | e | d |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad